

ELeathanach343

Dé Luain, an 2 Márta 2020

Seachtain na Gaeilge (an 1- 17 Márta 2020)

Is féile idirnáisiúnta í Seachtain na Gaeilge. Tugann an fhéile seans do gach duine sult a bhaint as an nGaeilge. Bíonn imeachtaí siamsúla spráíúla ann timpeall an domhain.

Is le gach duine an Ghaeilge, is le gach pobal Seachtain na Gaeilge - **Bain Triail Aisti!**

Sacar na mBan san Araib Shádach

San Araib Shádach, eagróidh ceannaire na tíre sraith sacair do mhná. Imreoidh na mná a gcuid cluichí sa phríomhchathair, Riyadh. Go dtí dhá bhliain ó shin ní raibh cead ag mná freastal ar chluichí sacair na bhfear.

Is é an Prionsa Mohammed bin Salman an duine atá i gceannas ar an tír agus thug sé cead do mhná carranna a thiomáint in 2018 chomh maith. Tá iarracht mhaith á déanamh timpeall an domhain cearta na mban a fheabhsú.



Lá na bPancóg

Bhí Lá na bPancóg nó Máirt na hInide againn an tseachtain seo caite. Titeann an lá seo i gcónaí ar an Máirt roimh an gcéad lá den Charghas. Taitníonn an lá seo go mór le daoine mar go mbíonn an seans acu pancóga blasta a ithe sula dtosaíonn an Charghas ar Chéadaoin an Luathrigh.

Ón Laidin a thagann an focal Gaeilge 'inid'. 'Tús an Charghais' atá i gceist le hinid. Is aoibhinn le daoine pancóga le him, siúcra, liomóid, sméara, uachtar, seacláid agus fiú le milseáin! Tá súil againn gur bhain sibh sult as na pancóga sibh féin i mbliana!

Manna ón spéir

Is comhlacht nua Éireannach é Manna agus tá sé chun dróin a úsáid le bia gasta a thabhairt do dhaoine. Is iad na mic léinn ó Choláiste na hOllscoile i mBaile Átha Cliath na chéad chustaiméirí a bheidh acu.

Is as Cill Mochuda i mBaile Átha Cliath é Bobby Healy, úinéir Manna. Tá sé ag obair go dian ar an smaoineamh seo le cúpla bliain anuas agus tá súil aige go mbeidh Manna ag obair le bialanna ar fud na hÉireann go luath.

Deir Manna nach mbeidh ach eitilt trí nóiméad i gceist ón mbialann in Áth an Ghainimh go campas na hOllscoile. Ní bheidh ocras ar na mic léinn ansin!

